**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P9_TA(2021)0082

## Gníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh – tuarascáil bhliantúil 2019

### Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Márta 2021 maidir le gníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh – tuarascáil bhliantúil 2019 (2020/2125(INI))

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh in 2019,

– ag féachaint d'Airteagail 15, 24(3) 228 agus 298(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint d'Airteagal 10(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

– ag féachaint do chinneadh 94/262/CECA, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman[1],

– ag féachaint d'Airteagail 11, 41, 42 agus 43 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt'),

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas,

– ag féachaint do na rúin a tháinig uaithi roimhe seo maidir le gníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 54, do Riail 142(2) agus do Riail 232(1) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Eanáir 2019 ar iniúchadh straitéiseach OI/2/2017 an Ombudsman ar thrédhearcacht na bpléití reachtacha i gcomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle an AE[2],

– ag féachaint don Chód Eorpach um Dhea-Chleachtas Riaracháin, arna ghlacadh ag an bParlaimint an 6 Meán Fómhair 2001,

---

[1] IO L 113, 4.5.1994, lch. 15.
[2] IO C 411, 27.11.2020, lch. 149.

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Achainíocha (A9-0013/2021),

A. de bhrí gur ndearnadh an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh in 2019 a chur faoi bhráid Uachtarán na Parlaiminte an 5 Bealtaine 2020 agus gur thíolaic an tOmbudsman, Emily O'Reilly, a tuarascáil don Choiste um Achainíocha an 3 Meán Fómhair 2020 sa Bhruiséil;

B. de bhrí gur atoghadh Emily O'Reilly mar an tOmbudsman Eorpach ag seisiún iomlánach na Parlaiminte in Strasbourg an 18 Nollaig 2019;

C. de bhrí go sonraítear in Airteagal 41(1) den Chairt go bhfuil sé de cheart ag gach duine 'go ndéanfaidh institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais a ghnóthaí nó a gnóthaí a láimhseáil go neamhchlaon, go cóir agus laistigh de thréimhse réasúnta';

D. de bhrí go sonraítear in Airteagal 43 den Chairt go bhfuil 'ag gach saoránach den Aontas agus ag gach duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát an ceart chun cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, seachas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag gníomhú di ina cáil bhreithiúnach, a tharchur chuig an Ombudsman Eorpach';

E. de bhrí go bhfuil sé riachtanach go mbeadh go leor faisnéise ag saoránaigh AE chun beartas agus reachtóireacht AE a leanúint, agus chun páirt bhríoch a ghlacadh i bpróisis dhaonlathacha Eorpacha; de bhrí go gcuirtear leis an muinín atá ag daoine as riaracháin phoiblí nuair is féidir leo a fheiceáil go bhfuil institiúidí ag obair ar mhaithe le leas an phobail agus go bhfuil ardchaighdeáin eiticiúla á gcoinneáil acu;

F. de bhrí gurb é príomhthosaíocht an Ombudsman a áirithiú go gcloítear go hiomlán le cearta na saoránach, i gcomhréir leis na Conarthaí agus leis an Chairt, agus go léirítear leis an gceart chun dea-riaracháin na caighdeáin is airde a bhfuiltear ag súil leo ó institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, seachas na gníomhaíochtaí a dhéanann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag gníomhú di ina cáil breithiúnach; de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag an Ombudsman cabhrú le hinstitiúidí AE a bheith níos oscailte, níos éifeachtaí agus níos saoráidí do na saoránaigh agus é mar aidhm aici muinín na saoránach san Aontas a neartú;

G. de bhrí gur sheol an tOmbudsman Eorpach tionscnamh straitéiseach maidir le cearta saoire ball foirne áirithe de chuid AE agus leasanna is fearr an linbh (SI/1/2019/AMF)[1], as ar eascair comhchuibhiú rialacha an Choimisiúin agus na Comhairle maidir le cearta saoire ball foirne a ndéantar tuismitheoirí díobh trí mháthairionadaíocht; de bhrí nár táirgeadh aon torthaí inchomparáide i bParlaimint na hEorpa toisc nach raibh sí toilteanach a rialacha maidir le saoire a oiriúnú;

H. de bhrí go bhfuil 25 bliana ann in 2020 ó bunaíodh an tOmbudsman Eorpach; de bhrí, ó osclaíodh oifig an Ombudsman, gur dhéileáil sí le 57 000 gearán as ar eascair breis agus 7 300 fiosrúchán; de bhrí gur cheart aitheantas agus moladh cuí a thabhairt do na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an oifig agus ag a foireann chun trédhearcacht, eitic agus cuntasacht i riarachán AE a urramú agus a chaomhnú;

1 https://www.ombudsman.europa.eu/en/opening-summary/ga/113554

I. de bhrí, de réir an tsuirbhé Eorabharaiméadair a rinneadh i mí an Mheithimh 2019, go bhfuil muinín ag 44 % de na saoránaigh as an Aontas Eorpach agus nach bhfuil muinín ag 46 % acu as; de bhrí go bhfuil sé riachtanach go mbeadh na hinstitiúidí cuntasach chun leibhéal sástachta shaoránaigh AE a mhéadú;

J. de bhrí go bhforáiltear, le hAirteagal 10(3) CAE, go 'mbeidh an ceart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais' agus go'nglacfar cinntí chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar agus is féidir don saoránach';

K. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 10(3) CAE go bhféadfaidh 'gach saoránach den Aontas dul ar iontaoibh an Ombudsman arna bhunú i gcomhréir le forálacha Airteagal 228';

L. de bhrí go gcumhachtaíonn Airteagal 228 CFAE don Ombudsman fiosrúcháin a dhéanamh ar dhrochriarachán i ngníomhaíochtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, seachas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag gníomhú di ina ról breithiúnach;

M. de bhrí gur iarr 19 619 saoránach cúnamh ar an Ombudsman in 2019, agus gur tugadh comhairle do 16 045 shaoránach tríd an treoir idirghníomhach ar shuíomh gréasáin an Ombudsman; de bhrí gur chláraigh an tOmbudsman 2 201 gearán in 2019 agus gur fuair sí 1 373 iarraidh ar fhaisnéis;

N. de bhrí, as measc an 2 201 ghearán ar dhéileáil an tOmbudsman leo, go raibh 879 ngearán laistigh dá sainchúram agus 1 330 gearán lasmuigh de;

O. de bhrí, as measc an 2 201 ghearán, gur chuir an tOmbudsman comhairle ar fáil don ghearánach nó gur chuir sí an t-ábhar ar aghaidh in 862 chás, gur cuireadh in iúl don ghearánach nach bhféadfaí comhairle bhreise a chur ar fáil in 883 chás, agus gur eascair fiosrúchán as 456 ghearán;

P. de bhrí gur bhain 26.9 % de na fiosrúcháin a dhún an tOmbudsman le hiarratais ar fhaisnéis agus ar rochtain ar cháipéisí, gur bhain 22 % acu le cultúr seirbhíse, mar shampla cineáltas i leith saoránach, cúrsaí teanga agus teorainneacha ama, gur bhain 19.8 % acu le húsáid chuí cumhachtaí lánroghnacha, lena n-áirítear in imeachtaí um shárú, gur bhain 13.2 % acu le hurraim do chearta nós imeachta, lena n-áirítear an ceart chun éisteacht a fháil, gur bhain 13 % acu le bainistiú ceart a dhéanamh ar chúrsaí riaracháin agus foirne, gur bhain 12.3 % acu le hearcaíocht agus gur bhain 8.4 % acu le hurraim do chearta bunúsacha;

Q. de bhrí gur mhair formhór na bhfiosrúchán a dhún an tOmbudsman in 2019 idir trí mhí (43,4 %) agus 18 mí (10,2 %); de bhrí gur lú ná seacht mí an mheántréimhse ama a theastaigh chun fiosrúchán a dhúnadh;

R. de bhrí, mar chuid dá fiosrúcháin, go bhfuil an tOmbudsman Eorpach i dteideal tograí a chur faoi bhráid institiúidí agus chomhlachtaí AE maidir le conas aghaidh a thabhairt ar fhadhb nó conas a gcleachtais riaracháin a fheabhsú; de bhrí gur réitigh agus moltaí atá sna tograí sin;

S. de bhrí, de réir na tuarascála bliantúla dar teideal '*Putting it Right?*', a foilsíodh i mí na Nollag 2019, ina ndéantar anailís ar fhreagraí na n-institiúidí ar mholtaí an Ombudsman i gcomhthéacs fiosrúchán a dúnadh in 2018, gurb é an ráta cur chun feidhme a bhain

institiúidí AE amach mar fhreagairt ar thograí an Ombudsman ná 77 %; de bhrí go ndearna 11 institiúid ráta cur chun feidhme de 100 % a bhaint amach, agus go ndearna an Coimisiún, an institiúid ar taisceadh formhór na ngearán ina coinne, ráta 70.9 % a bhaint amach;

T. de bhrí gur oscail an tOmbudsman ceithre fhiosrúchán straitéiseacha nua ina cuid oibre straitéisí in 2019: maidir le trédhearcacht i gcomhlachtaí ullmhúcháin an Ghrúpa Euro, maidir leis na ‘doirse imrothlacha’ sa Choimisiún, maidir le cóireáil daoine faoi mhíchumas faoi Chomhscéim Árachais Breoiteachta AE, agus maidir leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) agus na gníomhaíochtaí a rinneadh roimh thíolacadh táirgí íocshláinte d’fhonn iad a údarú;

U. de bhrí, in 2019, gur oscail an tOmbudsman naoi dtionscnamh straitéiseacha, lena n-áirítear maidir le héifeachtacht na meicníochtaí a chuir na Ballstáit ar bun chun déileáil le gearáin a bhaineann leis na Cistí Struchtúracha, maidir le trédhearcacht chaibidlíochtaí Brexit, maidir le trédhearcacht bhrústocaireacht AE agus Clár Trédhearcachta AE, maidir le nós imeachta AE i dtaca le measúnú riosca bia, maidir le trédhearcacht cruinnithe idir Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus ionadaithe sainleasa, maidir le feabhsuithe ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, maidir le lánpháirtiú leanaí faoi mhíchumas i Scoileanna Eorpacha agus maidir leis an gceart chun saoire atá ag baill foirne AE a ndéantar tuismitheoirí díobh trí mháthairionadaíocht;

V. de bhrí gurb é ról an Ombudsman mar bhall de chreat AE le haghaidh Choinbhinsiún NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) ná a chur chun feidhme a chosaint agus a chur chun cinn agus faireachán a dhéanamh air ar leibhéal institiúidí AE; de bhrí go raibh an tOmbudsman Eorpach ina cathaoirleach ar an gcreat in 2019;

W. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 19 de UNCRPD ‘go n-aithníonn na páirtithe an ceart comhionann atá ag gach duine faoi mhíchumas cónaí sa chomhphobal, agus roghanna a bheith acu atá cothrom le daoine eile, agus go ndéanfaidh siad bearta éifeachtacha agus iomchuí chun gur féidir le daoine faoi mhíchumas an ceart sin a theachtadh go hiomlán agus chun a gcuimsiú agus a rannpháirtíocht iomlán sa phobal a éascú’;

X. de bhrí go ndearna an Pharlaimint a dréachtrialachán a fhormheas an 12 Feabhra 2019 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh)[1]; de bhrí go bhfuiltear ag fanacht le formheas ón gComhairle anois leis an rialachán nua seo;

Y. de bhrí, in 2019, gur oscail an tOmbudsman Eorpach 458 bhfiosrúchán, ar osclaíodh 2 cheann díobh ar a tionscnamh féin, agus ag an am céanna gur dúnadh 560 fiosrúchán (552 fhiosrúchán bunaithe ar ghearáin agus 8 bhfiosrúchán ar a tionscnamh féin); de bhrí gur bhain formhór na bhfiosrúchán arís leis an gCoimisiún (274 fhiosrúchán nó 59.7 %), ansin leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) (44 fhiosrúchán nó 9.6 %) agus le gníomhaireachtaí AE (33 fhiosrúchán nó 7.2 %), agus gur mar seo a leanas a scaipeadh an chuid eile díobh: An Pharlaimint (21 fhiosrúchán nó 4.6 %), an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) (17 bhfiosrúchán nó 3.7 %), an Banc Eorpach Infheistíochta (7 bhfiosrúchán nó 1.5 %), agus institiúidí eile (54

1 IO C 449, 23.12.2020, lch. 182.

fhiosrúchán nó 11.8 %);

Z. de bhrí gurb iad institiúidí agus comhlachtaí AE atá freagrach as cur i bhfeidhm cuí dhlí AE agus as comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a eascraíonn as na Conarthaí agus as an Chairt;

AA. de bhrí gur sheol an tOmbudsman fiosrúchán ar chinneadh an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE), a fógraíodh go poiblí an 17 Meán Fómhair 2019, ligean dá Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bheith ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) ar an gComhlachas um Margaí Airgeadais san Eoraip (AFME), eagraíocht bhrústocaireachta don tionscal airgeadais; de bhrí gur aimsigh an tOmbudsman cásanna drochriaracháin ag ÚBE ina mhainneachtain na rioscaí a bhaineann le coinbhleachtaí leasa a mhaolú nuair a cheadaigh sé an t-athrú poist agus sa mhéid is gur lean sé de rochtain a thabhairt dá Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bhí ag dul as oifig ar fhaisnéis rúnda;

AB. de bhrí gur sheol an tOmbudsman fiosrúchán tar éis gearán maidir le hurraíocht chorparáideach Uachtaránacht Chomhairle AE; de bhrí gur thug an tOmbudsman dá haire go mbaineann rioscaí clú do AE ina iomláine leis an úsáid a bhaineann an Uachtaránacht as urraíocht agus gur mhol sí go n-eiseodh an Chomhairle treoir do na Ballstáit maidir le saincheist urraíochta na hUachtaránachta chun na rioscaí clú sin a mhaolú;

AC. de bhrí gur eisigh an Coimisiún an 30 Iúil 2019 cuireadh ar thairiscintí do staidéar chun uirlisí agus sásraí a fhorbairt chun cuspóirí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) a lánpháirtiú i rialacha baincéireachta AE; de bhrí gur chinn an Coimisiún an conradh a bhronnadh ar BlackRock Investment Management, cuideachta a bhainistíonn infheistíochtaí i gcuideachtaí móra breoslaí iontaise agus i mbainc a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo, ar earnálacha iad a bhfuil tionchar ag rialacha nua ar shaincheisteanna ESG ar leibhéal AE orthu; de bhrí gur chinn an tOmbudsman ina fiosrúchán a bhain leis an gcás seo gur cheart don Choimisiún a bheith níos airdeallaí agus nár thug a chinneadh an conradh a bhronnadh ar BlackRock ráthaíochtaí leordhóthanacha chun baol coinbhleachtaí leasa a chur as an a mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha diúltacha acu ar chomhlíonadh an chonartha, mar gur léir go raibh leas ag an gcuideachta i bhforbairt rialacháin AE sa todhchaí a mbeidh tionchar aige uirthi féin agus ar a cliaint;

1. á chur in iúl gur geal léi tuarascáil bhliantúil 2019 a thíolaic an tOmbudsman Eorpach;

2. ag tréaslú le Emily O’Reilly as a hatoghadh mar Ombudsman Eorpach agus as an tsárobair a dhéanann sí; ag tacú lena tiomantas leanúint dá hiarrachtaí ‘lena áirithiú go mbainfidh AE na caighdeáin is airde amach ó thaobh riaracháin, trédhearcachta agus eitice de’, agus chun inrochtaineacht agus cáilíocht na seirbhísí a chuireann AE ar fáil do shaoránaigh AE a áirithiú; á athdhearbhú gur prionsabal í an trédhearcacht atá comhlántach leis an smacht reachta agus leis an daonlathas agus gur cheart go mbeadh sé d’aidhm ag cur chun feidhme na trédhearcachta ligean do shaoránaigh a bheith rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta;

***Trédhearcacht agus eitic***

3. á chur in iúl gur geal léi an caidreamh torthúil atá aici leis an Ombudsman Eorpach, atá ina comhpháirtí lárnach agus fíor-riachtanach de chuid Pharlaimint na hEorpa, a rinne

an tOmbudsman a bhí ag dul as oifig, Emily O'Reilly, a atoghadh don dara téarma agus a thacaigh lena moladh le haghaidh tuarascáil speisialta ar thrédhearcacht sa Chomhairle trí rún a ghlacadh arna fhormheas ag tromlach i seisiún iomlánaíoch in Eanáir 2019;

4. á chur in iúl gur geal léi an dlúthchomhar idir an tOmbudsman agus a foireann agus an Coiste um Achainíocha, rud a fhágann gur féidir cáilíocht an riaracháin Eorpaigh agus inrochtaineacht agus cáilíocht a sheirbhísí do shaoránaigh AE a fheabhsú;

5. á chur i bhfáth gur gá go gcoinneoidh institiúidí AE an leibhéal is airde trédhearcachta agus oibiachtúlachta, ionas go mbeidh saoránaigh in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta agus é a leanúint chun a muinín as na hinstitiúidí agus a ngaireacht dóibh a neartú, agus rochtain ar an bhfaisnéis ábhartha uile á ráthú acu ionas gur féidir leo a gcearta daonlathacha a fheidhmiú go hiomlán agus é á áirithiú go bhfuil fíorchumas acu na hinstitiúidí a choinneáil cuntasach; á chur i bhfios go láidir gur chuir an tOmbudsman tús le fiosrúchán faoi dhiúltú an Choimisiúin rochtain phoiblí a thabhairt ar cháipéisí a bhaineann le vacsaíní a cheannach in aghaidh COVID-19; á iarraidh go ndéanfaí conarthaí agus comhaontuithe eile a shínítear le cuideachtaí cógaisíochta a fhoilsiú ina n-iomláine, lena n-áirítear doiciméid a bhaineann leis an gcaibidlíocht a dhéantar leis na cuideachtaí sin, chun vacsaíní a fhorbairt, a mhonarú, a cheannach agus a úsáid i gcoinne COVID-19, chomh maith le trédhearcacht iomlán na dtorthaí go léir maidir le trialacha cliniciúla a bhaineann leis na vacsaíní sin;

6. á thabhairt chun suntais go gcuireann easpa trédhearcachta phróiseas reachtach AE le mímhuinín na saoránach agus go ndéanann sí dlisteanacht an phróisis cinnteoireachta ina iomláine a lagú;

7. á chur in iúl gur geal léi uaillmhian an Ombudsman Eorpaigh leibhéal forairdill a choinneáil i ngach cás maidir le cothú na gcaighdeán trédhearcachta agus eitice is airde is féidir, lena n-áirítear i gcás géarchéim shláinte;

8. ag tathant ar an Ombudsman leanúint de bhreis tréadhearcachta a chur chun cinn i ndíospóireachtaí reachtacha i gcomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ó thaobh rochtain phoiblí ar a cáipéisí reachtaíochta de agus ó thaobh a próisis chinnteoireachta de araon, chun na pléití a dhéanamh níos inléite;

9. ag tathant ar an gComhairle moltaí an Ombudsman Eorpaigh a chur chun feidhme, agus athbhreithniú a dhéanamh ar a beartas rúndachta chun an leibhéal is airde trédhearcachta a áirithiú ina cuid oibre ionas go mbeidh rochtain phoiblí thráthúil ar dhoiciméid reachtacha ar fáil go héasca; á iarraidh go ndéanfaí rialtais na mBallstát a shainaithint ar bhealach trédhearcach agus córasach agus a seasaimh leagtha amach acu, ós rud é go gcaithfear an Chomhairle, mar chomhreachtóir, a thabhairt chun cuntais don phobal as a cuid gníomhaíochtaí; ag meabhrú na moltaí a cuireadh in iúl ina rún maidir le fiosrúchán straitéiseach an Ombudsman OI/2/2017 ar thrédhearcacht na bpléití reachtaíochta i gcomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle AE;

10. á chur in iúl gurb oth léi cleachtas na mBallstát ag a bhfuil Uachtaránacht na Comhairle maidir le hurraíocht chorparáideach a ghlacadh; á chreidiúint nach mór cleachtas den sórt sin a chosc chun clú agus sláine na Comhairle agus AE ina iomláine a chaomhnú;

11. ag tathant ar na Ballstáit a bheith níos dúthrachtaí maidir lena n-oibleagáid comhoibriú leis an Ombudsman a chomhlíonadh;

12. á thabhairt dá haire, i ndiaidh mholtaí an Ombudsman, gur choinnigh an Coimisiún agus an Chomhairle ardleibhéal trédhearcachta sa phróiseas reachtaíochta le linn na gcaibidlíochtaí maidir leis an gcaidreamh idir AE agus an Ríocht Aontaithe, agus breis agus 100 doiciméad caibidlíochta foilsithe acu agus clár ama an Phríomh-Idirbheartaí curtha ar fáil do na saoránaigh acu, agus á iarraidh orthu an ceanglas sin a choinneáil agus an comhaontú saorthrádála nua á shíniú acu; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar bhonn níos ginearálta, a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le measúnuithe tionchair inbhuanaitheachta ar chomhaontuithe trádála uile AE;

13. á mheabhrú gurb í an trédhearcacht, go háirithe rochtain ar cháipéisí, is príomhábhar do ghearáin le blianta anuas, agus á chur in iúl gur geal léi gur iarr an tOmbudsman, in iniúchtaí éagsúla, go dtabharfaí rochtain phoiblí orthu; á chur in iúl gur saoth léi, áfach, nach ndéantar moltaí an Ombudsman a chur i bhfeidhm i gcónaí agus nár foilsíodh tuarascáil OLAF maidir le húsáid iasacht a deonaíodh don mhonaróir Gearmánach feithicle, Volkswagen, go fóill; á áitiú go ndéanfar reachtaíocht AE maidir le rochtain ar dhoiciméid (Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001[1]) a nuashonrú chun obair an Ombudsman Eorpaigh a éascú; ag tathant ar an gComhairle tús a chur arís leis an bplé ar bhonn rún Pharlaimint na hEorpa an 12 Meitheamh 2013 maidir leis an tsáinn maidir le hathbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001[2];

14. á chur in iúl gur geal léi an cur chuige níos uaillmhianaí a glacadh i leith thrédhearcacht na gcomhlachtaí a ullmhaíonn cruinnithe an Ghrúpa Euro, a chomhaontaigh, tar éis dóibh iarraidh a fháil ón Ombudsman, dátaí agus dréachtchláir oibre chruinnithe an Ghrúpa Euro a fhoilsiú níos luaithe ná mar a foilsíodh roimhe sin, tuilleadh mionsonraí a thabhairt sna litreacha ina dtugtar achoimre ar na cruinnithe agus tuilleadh faisnéise a chur ar shuíomh gréasáin an Ghrúpa Euro maidir lena ghníomhaíochtaí;

15. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an Ombudsman Eorpach chun coinbhleachtaí leasa a chomhrac; á chur i bhfáth go bhfuil gá le trédhearcacht mhéadaithe sa Chomhairle; ag tacú go láidir leis na moltaí arna n-eisiúint ag an Ombudsman d'Ardrúnaíocht na Comhairle i ndáil le cás 1946/2018/KR; á chur in iúl gur geal léi gur foilsíodh, tar éis an fhiosrúcháin sin, miontuairiscí na gcruinnithe a tionóladh idir brústocairí, Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus comhaltaí a oifige comh-aireachta, agus á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le gníomh dlíthiúil cothrom agus uaillmhianach a ghlacadh maidir leis an gClár Trédhearcachta ionas go mbeidh sé go hiomlán éigeantach agus ceangailteach ó thaobh dlí ar institiúidí agus gníomhaireachtaí uile AE agus chun oibleagáidí a chruthú do thríú páirtithe agus d'ionadaithe leasa, rud a áiritheoidh trédhearcacht iomlán na brústocaireachta; ag tabhairt dá haire an cinneadh ón gCoimisiúin gan moltaí an Ombudsman i gcás 1302/2017/MH a leanúint agus gan rochtain a thabhairt ar na doiciméid a bhaineann le tuairimí a Sheirbhís Dlí maidir leis an gClár Trédhearcachta;

16. ag tacú le gníomhaíocht an Ombudsman a rinneadh ina fiosrúchán 853/2020/KR maidir le cás BlackRock agus á chreidiúint go daingean nach mór don Choimisiún moltaí an Ombudsman a leanúint i ndáil leis seo; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún na rialacha go léir is infheidhme maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí a nuashonrú

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

[2] IO C 65, 19.2.2016, lch. 102.

agus a neartú, lena n-áirítear a threoirlínte, chun cosc a chur ar aon choinbhleacht leasa; á iarraidh ar an gCoimisiún na bearta uile is gá a ghlacadh chun sláine agus inchreidteacht an cheaptha beartais a chaomhnú i ndáil le rialacha nua a ghlacadh maidir le saincheisteanna ESG ar leibhéal an Aontais;

17. á chur in iúl gur geal léi, tar éis gearán a cuireadh isteach in 2019 maidir le húsáid na hurraíochta le linn Uachtaránacht na Rómáine, gur ghlac an tOmbudsman Eorpach seasamh soiléir maidir leis an tsaincheist a bhaineann le hurraíocht Uachtaránachtaí[1], toisc go bhféadfadh an dearcadh maidir le tionchar seachtrach dochar a dhéanamh do shláine AE ina iomláine; ag tabhairt dá haire na céimeanna a ghlac an Chomhairle mar fhreagairt ar mholadh an Ombudsman gur cheart treoir a chur ar fáil do na Ballstáit maidir leis an tsaincheist a bhaineann le hurraíocht Uachtaránachtaí; ag spreagadh na Comhairle obair leantach a dhéanamh ar an tsaincheist sin gan mhoill; á chur in iúl gur geal léi cinneadh Uachtaránacht na Gearmáine staonadh ó urraíocht ar bith agus ag spreagadh na mBallstát eile amhlaidh a dhéanamh;

18. ag tabhairt dá haire an gealltanas a thug an Coimisiún, tar éis fiosrúchán a bheith déanta ag an Ombudsman, go bhfoilseofaí cláir oibre agus miontuairiscí chruinnithe na ‘gcomhlachtaí comhairleacha’ a mbíonn tionchar acu ar cheapadh beartas AE mar aon leis na barúlacha a thug rannpháirtithe i ngrúpaí roimhe seo, agus, i gcás aon ghrúpa den sórt sin amach anseo, go ndéanfaí na caighdeáin trédhearcachta chéanna is a ghlac na sainghrúpaí a chur i bhfeidhm;

19. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé go mbeadh rochtain phoiblí ar dhoiciméid ina bhfuil seasaimh na mBallstát i bpróisis chinnteoireachta; ag tacú le torthaí an Ombudsman i ndáil le cás 2142/2018/EWM agus á chur in iúl gur saoth léi diúltú leanúnach an Choimisiúin rochtain a thabhairt ar na cáipéisí a iarraidh ina bpléitear an measúnú riosca ar úsáid lotnaidicídí ar bheacha;

20. ag tabhairt dá haire go bhfuil an Coimisiún tiomanta do go leor de thograí an Ombudsman Eorpaigh a chur chun feidhme, amhail iarraidh ar dhaoine aonair a aistríonn go dtí an earnáil phríobháideach faisnéis bhreise a chur ar fáil faoin eagraíocht a mbeidh siad mar chuid di chomh maith le tuilleadh sonraí maidir leis an gcineál gníomhaíochta gairmiúla a bheidh ar siúl acu; ag cur béim ar an bhfíoras nach féidir glacadh le haistrithe den sórt sin go héadrom, toisc go bhféadfadh coinbhleachtaí leasa a bheith mar thoradh orthu nuair a ghlacann iaroifigigh phoiblí le post le gnólacht chun brústocaireacht a dhéanamh ar bheartais a rith siad nó ar oibrigh siad orthu roimhe seo; ag tabhairt dá haire gur fhormheas an Coimisiún, de réir tuarascáil a rinneadh le déanaí[2], 99 % de na hiarrataí ar aistriú go dtí an earnáil phríobháideach, agus nach raibh ach ráta diúltaithe 0.62 % ann, rud a léiríonn gur gá an mhaoirseacht a neartú; á mheabhrú nach díreach foirmiúlacht amháin atá i rialacha eitice agus gur cheart do na hinstitiúidí uile cloí leo; ag tathant ar an gCoimisiún na moltaí go léir a rinne an tOmbudsman a chur chun feidhme, cur chuige níos láidre a ghlacadh maidir le saincheist na ‘ndoirse

---

1 https://www.ombudsman.europa.eu/en/decision/ga/129649

2 An Fhaireachlann um an Eoraip Chorparáideach, ‘*From Facebook friends to lobby consultants – EU revolving door rules not fit for purpose*’ [Ó chairde ar Facebook go comhairleoirí brústocaireachta – rialacha maidir le doirse rothlacha nach bhfuil oiriúnach don fheidhm], 22 Deireadh Fómhair 2020 (https://corporateeurope.org/en/2020/10/facebook-friends-lobby-consultants)

imrothlacha’ agus leanúint leis na bearta atá molta, lena n-áirítear cosc a chur le gníomhaíocht nua nuair atá fianaise ann go n-eascródh coinbhleacht le leas an phobail as an ngníomhaíocht sin agus foilsiú a dhéanamh, go díreach ar a shuíomh gréasáin eitice agus go tráthúil, ar gach faisnéis ghaolmhar maidir le gach cás d’iarbhaill foirne shinsearacha a ndearnadh measúnú orthu d’fhonn an toirmeasc bliana ar bhrústocaireacht agus ar abhcóideacht a chur chun feidhme;

21. á chur i bhfios nach mór do riarachán poiblí AE feabhas a chur ar na rialacha agus na caighdeáin atá aige chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus urraim don dualgas discréide agus ionracais a ráthú; á iarraidh ar an Ombudsman Eorpach na rialacha agus na caighdeáin eitice is airde a chur chun cinn ar fud institiúidí, ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí AE, lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán agus go comhsheasmhach iad; á iarraidh go ndéanfar measúnú ar dhearbhuithe leasanna arna dtíolacadh ag coimisinéirí ainmnithe go neamhspleách agus ar na bealaí iomchuí; á chur i bhfios go láidir gur gá na rialacha agus na cleachtais reatha a athbhreithniú chun ceanglais sláine a neartú do Choimisinéirí le linn a sainorduithe agus ina ndiaidh agus á chur i bhfáth nach mór tréimhsí fógra Coimisinéirí i ndiaidh a dtéarmaí oifige a mhéadú;

22. á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarghá leis an gCód Dea-Iompraíocht Riaracháin atá ann cheana a fheabhsú agus a uasghrádú trí rialachán ceangailteach a ghlacadh maidir leis an ábhar;

23. ag moladh ghníomhaíochtaí an Ombudsman maidir le cásanna doirse imrothlacha a d’fhág, *inter alia*, go ndearna ÚBE athbhreithniú ar a bheartas maidir le measúnú ar shrianta agus toirmisc iarfhostaíochta do bhaill foirne, agus gur chuir sé feabhas ar a nósanna imeachta maidir le rochtain ar fhaisnéis rúnda a chur ar fionraí láithreach bonn do bhaill foirne arb eol go bhfuil siad ag aistriú go post eile; á iarraidh ar an Ombudsman leanúint dá hiarrachtaí chun a áirithiú go dtabharfaidh institiúidí agus gníomhaireachtaí uile AE rialacha éifeachtacha isteach a bheidh dírithe ar chásanna doirse imrothlacha agus aon choinbhleachtaí leasa a d’fhéadfadh a bheith ann a chosc;

24. ag formhuiniú go hiomlán deimhniú an Ombudsman Eorpaigh maidir lena cinneadh gur mhill ceithre chás drochriaracháin próiseas ceapacháin an oifigigh is sinsearaí de chuid an Choimisiúin, agus á chur in iúl gur geal léi nós imeachta ceapacháin sonrach a bheith tugtha isteach ag an gCoimisiún nua in 2019 dá Ard-Rúnaí, lena n-áirítear fógra folúntais a fhoilsiú agus an ceapachán a chur san áireamh ar chlár chruinniú seachtainiúil na gCoimisinéirí, agus am leordhóthaineach ann chun é a bhreithniú go cuí;

25. ag tabhairt dá haire, tar éis an fhiosrúcháin féintionscnaimh arna dhéanamh ag an Ombudsman, gur thug ÚBE bearta isteach a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an phróisis údaraithe margaíochta do tháirgí míochaine agus ar thrédhearcacht a mhéadú i réimsí amhail trialacha cliniciúla; á iarraidh ar ÚBE moltaí nua an Ombudsman a chur chun feidhme chun a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht a áirithiú agus aon choinbhleacht leasa a sheachaint;

26. á chur in iúl gur geal léi an tábhacht mhéadaithe agus riachtanach a thugann an tOmbudsman Eorpach d’fhadhbanna a bhaineann le nósanna imeachta soláthair don Ombudsman;

27. á chur in iúl gur geal léi comhdhlúthú na Duaise don Dea-Riarachán, a bhfuil sé mar aidhm léi luach saothair a thabhairt do thionscnaimh agus do thionscadail de chuid riarachán AE a bhfuil tionchar dearfach acu ar shaol shaoránaigh an AE; ag tréaslú leis an gCoimisiún as an dámhachtain a fháil mar aitheantas ar a straitéis maidir le truailliú plaisteach a laghdú; á mheas, dá ndéanfaí clúdach níos fearr ar an dámhachtain sin sna meáin, go léireofaí do shaoránaigh AE go bhfuil institiúidí AE ag obair chun réitigh inláimhsithe a chur ar fáil;

28. á chur in iúl gur geal léi an bhéim mhéadaithe a chuir an tOmbudsman ar chásanna maidir leis an mbainistiú a dhéanann an Coimisiún ar thionscadail arna maoiniú ag AE; ag tathant ar an gCoimisiún dáileadh agus bainistiú trédhearcach cistí a ráthú; á áitiú go gcuirfidh an Coimisiún feabhas ar thrédhearcacht a phróisis ullmhúcháin do na Cláir Oibre bhliantúla i dtaca leis na cistí a bhainistíonn sé; á iarraidh, go háirithe ar an gCoimisiún, a áirithiú go ndéanann na Ballstáit Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a chaitheamh i gcomhréir le hoibleagáidí UNCRPD maidir le maireachtáil neamhspleách daoine faoi mhíchumas;

29. á iarraidh ar an gCoiste um Achainíocha cásanna nár tugadh aghaidh ar na tograí a chuir an tOmbudsman faoi bhráid institiúidí AE a scrúdú;

***Míchumas***

30. á chur in iúl gur geal léi ról an Ombudsman maidir le cur chun feidhme UNCRPD ag riarachán AE a chosaint agus a chur chun cinn agus faireachán a dhéanamh air, agus maidir le clár oibre AE do chearta daoine faoi mhíchumas a neartú; ***á iarraidh ar an Ombudsman*** monatóireacht ghéar a dhéanamh ar na tograí arna ndéanamh ag an gCoimisiún maidir leis an Straitéis nua Eorpach um Míchumas don tréimhse i ndiaidh 2020; á mheas go bhfuil sé práinneach aghaidh a thabhairt ar an easpa bunús dlí iomchuí lena n-áirithítear go bhfuil UNCRPD á chomhlíonadh go hiomlán ag caiteachas AE;

31. ag tréaslú leis an Ombudsman as a hiniúchadh straitéiseach maidir le hinrochtaineacht shuíomhanna gréasáin an Choimisiúin agus á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Choimisiúin a moltaí a chur i bhfeidhm, trí níos mó faisnéise a chur ar fáil i bhformáidí atá éasca le léamh; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil gá le cur chuige casta chun leathanaigh baile institiúidí AE a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas de gach cineál, lena n-áirítear trína gcur ar fáil i dteangacha comharthaíochta náisiúnta; ag moladh gur cheart d’eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach sa phróiseas sin;

32. ag tréaslú leis an Ombudsman as fiosrúchán riachtanach a oscailt maidir le hinrochtaineacht na n-uirlisí ar líne a úsáideann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), tar éis gearán a rinne duine ag a bhfuil lagú amhairc;

33. á iarraidh ar an gCoimisiún Straitéis Eorpach um Míchumas, a bheidh cuimsitheach, uaillmhianach agus fadtéarmach, a mholadh don tréimhse i ndiaidh 2020 chun go bhféadfar, *inter alia*, UNCRPD a chur chun feidhme go hiomlán agus go comhsheasmhach;

34. á aithint go bhfuil ardú tagtha ar líon na ndaoine ar chabhraigh oifig an Ombudsman leo in 2019 i gcomparáid le 2018 (19 619 i gcomparáid le 17 996), agus go ndearna sí

iarrachtaí chun teacht ar réitigh phraiticiúla ar fhadhbanna na saoránach, bíodh sé trí chomhairle a chur ar fáil tríd an treoir idirghníomhach ar an suíomh gréasáin agus trí fhreagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis, nó trí ghearáin nua a láimhseáil (2 201 ghearán dá leithéid in 2019); á chur i bhfios gur gá a áirithiú go bhfuil na hacmhainní riachtanacha buiséadacha agus pearsanra ag an oifig chun leanúint de chúnamh a thabhairt do shaoránaigh AE ar bhealach leordhóthanach agus éifeachtúil;

***Gearáin***

35. á thabhairt dá haire go bhfuair an tOmbudsman go leor gearán in 2019 ó shaoránaigh AE a raibh cónaí orthu i mBallstát eile seachas a mBallstát féin agus a raibh deacrachtaí acu clárú agus/nó vótáil i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa in 2019, agus á mheabhrú gur ceart bunúsach a aithnítear i gConarthaí AE é an ceart chun vótáil i dtoghcháin;

36. ag tréaslú leis an Ombudsman as na fiosrúcháin a osclaíodh in 2019, inar clúdaíodh na príomhábhair seo a leanas: trédhearcacht in institiúidí AE, trédhearcacht gníomhaíochtaí brústocaireachta, cultúr seirbhíse, cearta bunúsacha, saincheisteanna eitice, rannpháirtíocht na saoránach i gcinnteoireacht AE, dea-bhainistiú saincheisteanna foirne agus earcaíochta, agus bainistíocht fhónta airgeadais;

37. ag tabhairt dá haire gur dhéileáil an tOmbudsman le 1 300 gearán in 2019 nach raibh faoina sainordú, go príomha toisc nach raibh baint acu le gníomhaíochtaí institiúide nó comhlachta de chuid AE; ag formhuiniú chur chuige an Ombudsman freagra a thabhairt ar gach duine a iarrann a cúnamh, ina míníonn sí a sainordú dóibh agus ina dtugann sí comhairle dóibh, agus iad a atreorú, a mhéid is féidir, chuig comhlachtaí eile a d’fhéadfadh cabhrú leo, agus á spreagadh chun leanúint ar aghaidh leis sin;

38. ag tathant ar an Ombudsman leanúint de bheith airdeallach agus diongbháilte agus gearáin maidir le cearta bunúsacha á láimhseáil, lena n-áirítear comhionannas, neamh-idirdhealú agus an ceart chun éisteacht a fháil; á chur in iúl gur geal léi a fiosrúchán faoin Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn agus na hagallaimh a rinne sí le hiarrthóirí tearmainn, mar aon lena fiosrúchán maidir leis an gcaoi ar láimhseáil an Coimisiún gearán i dtaca le hidirdhealú i gcoinne na Romach san Iodáil;

39. ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú ar líon na n-iniúchtaí maidir le EPSO, ó 23 in 2018 go 44 in 2019; ag moladh don Ombudsman dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme cuí na mbeart ginearálta frith-idirdhealaithe i bpróisis earcaíochta; ag moladh go ndéanfar fiosrú straitéiseach ar na modhanna atá in úsáid ag EPSO agus ag gníomhaireachtaí eile chun a chinntiú go bhfuil prionsabail na cothroime agus na hoscailteachta i bhfeidhm go hiomlán sna nósanna imeachta earcaíochta uile;

40. ag tabhairt dá haire go bhfuil líon na ngearán nach dtagann faoi shainordú an Ombudsman sách cobhsaí (1 330 cás in 2019 i gcomparáid le 1 300 cás in 2018); á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhféadfadh cumarsáid níos fearr agus níos comhordaithe ar leibhéal institiúidí uile AE i dtaca le hinniúlachtaí an Ombudsman Eorpaigh cabhrú le laghdú a dhéanamh ar líon na ngearán a thagann lasmuigh dá sainordú agus an fhreagairt ar fhadhbanna na saoránach a chuíchóiriú;

41. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Ombudsman Eorpaigh do cheart na saoránach a bheith rannpháirteach i bpróiseas daonlathach AE, mar a léirigh sí nuair a d’eagraigh sí comhdháil bhliantúil Líonra Eorpach na nOmbudsman i mí Aibreáin 2019 maidir leis an

ngá atá ann rannpháirtíocht na saoránach sa phróiseas daonlathach a neartú; ag formheas chur chuige an Ombudsman freagra a thabhairt orthu siúd go léir a mbíonn cabhair uathu i dteanga a ngearáin agus á iarraidh ar riarachán poiblí AE gach iarracht a dhéanamh lena áirithiú go mbeidh saoránaigh in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis sna 24 theanga oifigiúla de AE agus i dteangacha comharthaíochta náisiúnta; á chur in iúl gur geal léi dréacht-treoirlínte an Ombudsman Eorpaigh maidir le húsáid teangacha ar shuíomhanna gréasáin institiúidí AE; á chur i bhfios go láidir go bhfuil na treoirlínte sin fíorthábhachtach ó thaobh éagsúlacht shaibhir teanga na hEorpa a chosaint; ag tabhairt dá haire gur cheart léiriú níos fearr a thabhairt ar shuíomh gréasáin institiúidí AE maidir le comhionannas a bhaint amach i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais; á chur in iúl gur saoth léi nach bhfuil fáil ar a lán ranna de shuíomhanna gréasáin de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh agus ar na foilseacháin a uaslódáladh chucu ach i dteangacha áirithe a bhfuil tóir orthu agus nach bhfaightear clúdach riamh i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais, de réir mar a cheanglaítear le prionsabail an Aontais;

42. ag formhuiniú iarrachtaí institiúidí AE moltaí an Ombudsman a leanúint (77 %) agus á spreagadh chun leanúint ar aghaidh sa treo sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di i gcónaí é an ráta leanúnach neamhchomhlíonta (23 %); á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas nach bhfuil moltaí an Ombudsman ceangailteach ó thaobh dlí de; ag tathant ar na hinstitiúidí, ar na comhlachtaí agus ar na gníomhaireachtaí freagairt go pras, go héifeachtach agus go freagrach do mholtaí agus ráitis chriticiúla an Ombudsman;

43. á chur in iúl gur geal léi gur lú ná seacht mí, ar an meán, fad na bhfiosrúchán ar chásanna a dhún an tOmbudsman Eorpach in 2019; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhféadfadh suas le 18 mí a bheith i gceist chun clabhsúr a chur le cásanna áirithe; á iarraidh ar institiúidí uile AE a gcomhar le hoifig an Ombudsman a fheabhsú ar mhaithe le leas shaoránaigh AE a bhíonn ag dréim leis go dtabharfar freagra tapa ar a gcuid fadhbanna;

44. á chur in iúl gur geal léi athdhearadh shuíomh gréasáin an Ombudsman, rud a fhágann gur ionstraim níos inrochtana agus níos feidhmiúla é do shaoránaigh AE; ag spreagadh an Ombudsman chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar aistriúchán a cuid foilseachán go teangacha éagsúla AE;

45. á aithint go gcuireann Líonra Eorpach na nOmbudsman go mór le malartú dea-chleachtas agus le faisnéis a chur ar fáil maidir le sainchúram agus inniúlachtaí na gcomhaltaí agus maidir le cur chun feidhme cuí dhlí na hEorpa; á mholadh go bhféadfadh an líonra seo a bheith níos rannpháirtí lena áirithiú go n-úsáidfear cistí AE mar is ceart; á mholadh go bhféadfadh sé tacaíocht a chur ar fáil freisin d'ombudsmain náisiúnta nó réigiúnacha a bhfuil brú mór ar a rialtais, go háirithe i gcás sáruithe ar chearta a ráthaítear leis an gCairt; á iarraidh ar an líonra sin machnamh a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag ombudsmain náisiúnta agus réigiúnacha maidir le rannpháirtíocht shaoránaigh AE i bpróiseas cinnteoireachta AE a mhéadú; á chur i bhfáth go bhféadfadh an líonra ranncheuidiú freisin le cultúr dea-riaracháin a chur chun cinn ar leibhéal na mBallstát trí chomhar a fheabhsú agus feasacht a ardú i measc ombudsmain náisiúnta maidir leis an tábhacht a bhaineann le cearta na saoránach a chosaint; á chur i bhfios gur cheart na hacmhainní a leithdháiltear ar an líonra a neartú; á iarraidh ar an Ombudsman Eorpach, ag suíomh an Ombudsman Eorpaigh, cruinniú rialta de Líonra Eorpach na nOmbudsman a eagrú, arb é is príomhchúram dó urraim do chearta bunúsacha a chinntiú;

46. á chur in iúl gur geal léi go mór tionscnamh straitéiseach an Ombudsman Eorpaigh maidir le cearta saoire bhaill foirne áirithe AE agus leasanna is fearr an linbh; ag glacadh an tseasaimh maidir le neamh-chomhsheasmhacht rialacha Pharlaimint na hEorpa le rialacha na n-institiúidí eile[1] i dtaca le cearta saoire ball foirne a ndéantar tuismitheoirí díobh trí mháthairionadaíocht, amhail tuismitheoirí neamhthorthúla, comhghnéis agus aonair, go ndéantar neamhaird de thosaíocht leasanna sáraitheacha is fearr an linbh agus go gcuirtear na baill foirne sin i mbaol suntasach idirdhealaithe dá bharr; ag meabhrú chonclúidí an Ombudsman maidir leis an tábhacht a bhaineann le leasanna is fearr an linbh a chosaint; á iarraidh ar an bParlaimint dul i mbun idirphlé idirinstitiúideach agus cinneadh a ghlacadh lena ndéanfar na rialacha sin a chomhchuibhiú le rialacha na Comhairle agus an Choimisiúin;

***Reacht agus cumhachtaí***

47. á iarraidh ar an gComhairle dul i mbun idirphlé le Parlaimint na hEorpa maidir le hathbhreithniú Reacht an Ombudsman Eorpaigh chun go mbeidh acmhainneacht níos fearr ag oifig an Ombudsman na caighdeáin iompair eiticiúil is airde a chur chun cinn laistigh de na hinstitiúidí agus chun go mbeidh sainordú cuí aici a cúraimí a chur i gcrích go héifeachtach;

48. á iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa an próiseas ainmniúcháin do thoghadh an Ombudsman Eorpaigh a neartú ionas gur féidir an toghchán ag tús an téarma pharlaimintigh a reáchtáil ar bhealach níos eolasaí, níos aonfhoirmí, níos trédhearcaí agus níos ordúla; á iarraidh go sonrach go dtabharfar tuairisc níos mionsonraithe ar na teorainneacha ama a bhaineann le bailiú sínithe agus feachtais na n-ainmnithe;

49. ag tréaslú leis an Ombudsman as an straitéis cúig bliana a bhí aici roimhe sin dar teideal ‘I dtreo 2019’, inar tugadh isteach cur chuige níos straitéisí chun dea-riarachán a chur chun cinn; á chur in iúl gur geal léi foilsiú na straitéise nua ‘I dtreo 2024’ an 7 Nollaig 2020, ar straitéis í a mbeidh an staid seo, a bhfuil ar an Eoraip dul i ngleic léi agus nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 le cur san áireamh;

50. á mheabhrú gurb ionann suíomh an Ombudsman agus suíomh Pharlaimint an hEorpa; ag spreagadh an Ombudsman, dá bhrí sin, tosaíocht a thabhairt d’úsáid an áitribh atá ar fáil in Strasbourg;

51. á iarraidh ar an Ombudsman, ar mhaithe le trédhearcacht, leanúint de na himeachtaí a bhfuil sé ar intinn aici a óstáil a fhoilsiú, agus an áit a reáchtálfar gach imeacht a chur in iúl;

---

[1] Tugann an Coimisiún 20 seachtaine de shaoire speisialta do bhaill foirne a ndéantar tuismitheoirí díobh trí mháthairionadaíocht, chomh maith le 10 lá do bhreith gach linbh nuabheirthe, faoi mar a códaíodh sa chinneadh a rinne sé i mí an Mhárta 2020 (https://egalite-online.eu/wp-content/uploads/2020/03/C_2020_1559_F1_COMMISSION_DECISION_EN_V3_P1_1043892.pdf). Cuireann an Chomhairle an riail chéanna i bhfeidhm ar bhonn *ad hoc*. Tá sé sonraithe ag an bParlaimint nach dtabharfadh sí ach 10 lá saoire do bhaill foirne sa chás céanna i gcás gach linbh nuabheirthe, toisc go n-éilítear le saoire mháithreachais go soláthrófaí deimhniú leighis toirchis; Níl sé i gceist ag an bParlaimint saoire speisialta a úsáid chun na críche sin.

°

° °

52. á threorú dá hUachtarán an rún seo agus tuarascáil an Choiste um Achainíocha a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an Ombudsman Eorpach, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig a n-ombudsmain nó chuig na comhlachtaí inniúla comhchosúla.